An tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí 2024

# Imigh leat, agus déan féin mar an gcéanna



Dos, a gwna dithau yr un modd

Go and do likewise

Imich thusa, agus dèan mar an ceudna

## 18-25 Mí Eanáir 2024

churches together IN BRITAIN AND IRELAND©

www.ctbi.org.uk/weekofprayer

Tá parabal an Dea-Shamáraigh ar cheann de na sleachta is cáiliúla den Scriptiúr, ach is cosúil nach gcaillfidh sé go deo an chumhacht atá aige cur i gcoinne an nós cuma liom i leith na fhulaingthe agus an dlúthpháirtíocht a spreagadh. Is scéal é faoi theorainneacha a thrasnú agus iarrann sé orainn aird a thabhairt ar na naisc a aontaíonn an teaghlach daonna ar fad.

Agus an sliocht seo Scrioptúir á roghnú ag eaglaisí Bhuircíne Fasó le haghaidh na Seachtaine Guí le hAontacht Chríostaí, thug siad cuireadh dúinn dul in éineacht leo agus tabhairt faoi phróiseas féinmhachnaimh agus iad i mbun a machnaimh faoin mbrí atá le grá a thabhairt dár gcomharsa i lár géarchéime slándála. D'fhéadfadh sé nach bhfuil pobail i gcomhthéacs na Breataine agus na hÉireann chomh leochaileach i leith gníomhartha ollfhoréigin agus atáthar i mBuircíne Fasó, ach maireann daoine i gcónaí ar cuimhin leo bagairt an fhoréigin thromchúisigh dar bunús saincheisteanna féiniúlachta agus muintearais. Bíonn sainghrúpaí laistigh de phobail freisin, lena n-áirítear daoine ó chúlraí mionlaigh eitnigh agus daoine atá ag lorg tearmainn, daoine a bhraitheann an-leochaileach ó thaobh foréigin de nó atá easáitithe mar gheall ar bhagairt an fhoréigin.

'Cé hé mo chomharsa'

Iarrann ár gcomharsana i mBuircíne Fasó orainn nasc a dhéanamh leis an bhfís atá ag Dia dúinn — fís na haontachta atá déanta as naisc an ghrá agus an chomhbhá. Tugann sé seo ár ndúshlán ó thaobh machnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaim ónár dturas éacúiméineach go dtí seo, agus ó thaobh ár bhfís a leathnú chomh maith. Cad is féidir linn a fhoghlaim ó dhaoine de chreidimh eile, ó na daoine is mó atá difriúil linn ó thaobh a gcúlraí de, agus cad é is gá dúinn óna chéile.

Spreagann na machnaimh dúinn smaoineamh faoi pheirspictíocht an té a léirigh trócaire dúinn, agus ar pheirspictíocht na ndaoine a ghabh thairis

chomh maith. Cuid mhaith dínn, ní rabhamar ar an eolas faoin mbagairt atá roimh phobail i mBuircíne Fasó roimh an ábhar seo a léamh. Meabhraítear dúinn méid na gcoimhlintí nach dtugtar aird orthu ach a leanann de shaol daoine a scriosadh agus de phobail a mhilleadh ar fud an domhain, nuair a chuimhnítear gur teoranta an líon díobh atá ábalta aird mheáin an domhain a ghabháil, agus is lú fós an líon díobh atá ábalta an aird sin a choimeád. Iarrtar ar an Eaglais go minic tacú leo siúd a bhíonn thíos leis na coimhlintí seo a ligtear i ndearmad, agus guthanna na ndaoine a bhraitheann gur tréigeadh iad a aimpliú.

Sa tSeachtain seo Ghuí le hAontacht Chríostaí, is é dúshlán na hEaglaise an deis a thapú friotháil ar an lucht créachtaithe agus ar an gcaoi sin, aitheantas a thabhairt dár gcneácha féin mar eaglaisí agus mar phobail. Nuair a thugtar aghaidh ar fhírinne ár scoilteanna, is cabhair é sin le ceangal a dhéanamh le fulaingt daoine eile ó thuiscint umhlaíochta agus comhbhá, agus cruthaítear spás naofa teacht le chéile a bhfuil grá leigheasach Chríost mar spreagadh aige.

**An Dr Nicola Brady, Ard-Rúnaí,**
**Eaglaisí le Chéile, an Bhreatain Mhór agus Éire**

# Réamhrá leis an téama

Is foireann éacúiméineach ó Bhuircíne Fasó a d’ullmhaigh na hábhair le haghaidh Sheachtain Ghuí 2024 leis an Aontacht Chríostaí, agus pobal áitiúil, an Chemin Neuf Community, ina chuidiú aici (CCN) . Is é an téama a roghnaíodh “Gráóidh tú do Thiarna Dia ... agus do chomharsa mar thú féin” (Lúc 10:27). Is deartháireacha agus deirfiúracha ó Ard-Deoise Chaitliceach Ouagadougou, ó Eaglaisí Protastúnacha, ó eagraíochtaí éacúiméineacha agus an CCN i mBuircíne Fasó a rinne na paidreacha agus na machnaimh a ullmhú go fial agus i bpáirt le chéile. Thuig siad a gcuid oibre i gcomhair le chéile mar chonair cheart chun an iompaithe éacúiméineigh.

## Grá a thabhairt do Dhia agus do chomharsana i measc na géarchéime slándála

Tá Buircíne Fasó i réigiún na Saiheile san Afraic Thiar, réigiún a shíneann a fhad leis na tíortha comharsanachta, Mailí agus an Nígir. Achar 174.000 km² atá ann, áit a bhfuil 21 milliún áitritheoir, timpeall 60 grúpa eitneach ina measc. Is Moslamaigh thart ar 64 % den daonra, le reiligiúin traidisiúnta na

hAfraice a bhaineann 9%, agus is Críostaithe 26 % díobh (20 % Caitliceach, 6 % Protastúnach). Tá na trí ghrúpa reiligiúnacha seo i ngach réigiún den tír, agus i ngach teaghlach geall leis.

Tá Buircíne Fasó thíos le géarchéim slándála tromchúiseach faoi láthair, agus tá sé ag cur isteach ar gach pobal creidimh. Tar éis mór-ionsaí jiohádach a eagraíodh ó áiteanna lasmuigh den tír in 2016, tháinig meath mór ar an staid slándála i mBuircíne Fasó, agus dá bhrí sin tháinig meath mór ar an gcomhtháthú sóisialta. Tá borradh faoi ionsaithe sceimhlitheoireachta, faoin aindlí agus faoi gháinneáil daoine sa tír. Tá os cionn 3,000 duine tar éis bás a fháil agus beagnach dhá mhilliún duine easáitithe ina dtír féin. Dúnadh na mílte scoil, lárionad sláinte agus hallaí baile, agus scriosadh go leor den bhonneagar socheacnamaíoch agus iompair. Cuireann ionsaithe atá dírithe ar ghrúpaí eitneacha sonracha leis an mbaol a bhaineann le coinbhleachtaí idirphobail. I gcomhthéacs na bagartha tromchúisí sin don tslándáil, tá an bonn á bhaint den chomhtháthú sóisialta, den tsíocháin agus den aontacht náisiúnta.

*Bíonn an grá foighneach agus bíonn sé lách*

Díríodh ionsaithe armtha ar eaglaisí Críostaí go sonrach. Maraíodh sagairt, tréadaithe agus caiticeasmóirí agus iad mbun adhartha agus tá éiginnteacht fós faoi chinniúint daoine eile a ndearnadh iad a fhuadach. Agus an méid seo á scríobh, tá níos mó ná 22 % den chríoch náisiúnta lasmuigh de smacht an stáit agus ní féidir le Críostaithe a gcreideamh a chleachtadh go hoscailte a thuilleadh sna réimsí sin. Dúnadh formhór na n-eaglaisí Críostaí i dtuaisceart, in oirthear agus in iarthuaisceart na tíre de dheasca na sceimhlitheoireachta. Ní ann don adhradh Críostaí ar bhealach poiblí in go leor de na limistéir seo, ach i gcás ina bhfuil an t-adhradh indéanta fós, a bhuí le cosaint póilíní, i gcathracha móra go hiondúil, ní mór seirbhísí a ghiorrú mar gheall ar imní slándála.

In ainneoin iarrachtaí an stáit agus na bpobal reiligiúnach araon, tá an

tír ag éirí níos éagobhsaí de réir mar a éiríonn grúpaí antoisceacha níos forleithne. Mar sin féin, tá méid áirithe dlúthpháirtíochta ag teacht chun cinn idir an creideamh Críostaí, an creideamh Moslamach agus an creideamh traidisiúnta. Tá a gceannairí ag obair chun teacht ar réitigh mharthanacha le haghaidh na síochána, an chomhtháthaithe shóisialta agus an athmhuintearais. Chuige sin, mar shampla, tá iarracht mhór á déanamh ag an Christian-Muslim Dialogue Commission of the Catholic Bishops' Conference [Coimisiún Idirphlé na gCríostaithe agus na Moslamach de chuid Chomhdháil na nEaspag Caitliceach] sa Bhuircíne-Nígir maidir le tacaíocht a thabhairt don idirphlé agus don chomhar idir-reiligiúnach agus idir-eitneach.

Tá paidreacha don tsíocháin, comhtháthú sóisialta agus athmhuintearas iarrtha ag an Rialtas, agus tá eaglaisí aonair ag leanúint de phaidreacha laethúla agus troscadh a eagrú dá réir. Tá dlús curtha le gníomhaíocht na nEaglaisí éagsúla Caitliceacha agus Protastúnacha um chabhrú le daoine easáitithe.

*Creideamh, Dóchas, Grá*

Eagraíodh cruinnithe machnaimh agus ardaithe feasachta chun tuiscint níos fearr ar an gcás agus ar luach an bhráithreachais a chur chun cinn, agus chun straitéisí a fhorbairt chun filleadh ar an tsíocháin mharthanach. Tá an dóchas seo le fáil i seanfhocal traidisiúnta an phobal Mossi freisin: “Is cuma ábhar nó fad an chomhraic, tiocfar chun creidimh.”

An cuireadh seo chun oibriú i bpáirt le chéile ar théacsanna na Seachtaine Guí le hAontachta Críostaí 2024, thug sé dúshlán na nEaglaisí éagsúla i mBuircíne Fasó chun siúl, guí agus oibriú i bpáirt le chéile agus grá coitinn eatarthu le linn na tréimhse deacra seo dá dtír. Aontaítear na Críostaithe go léir i ngrá Chríost, rud is treise ná na scoilteanna atá eatarthu agus tá gealltanas tugtha ag Críostaithe Bhuircíne Fasó go siúlfaidh siad ar chosán ghrá Dé agus grá na gcomharsan. Tá siad muiníneach go sáróidh grá Dé an foréigean a chuireann isteach ar a dtír faoi láthair.

Le haghaidh fhonóta [1] agus fonóta [2] féach an tAguisín ar leathanach 25.

# Lá 1

**D'éirigh dlíodóir ina sheasamh, á phromhadh. "A Mháistir, cad tá le déanamh agam chun go mbeinn páirteach sa bheatha shíoraí?"**

**(Lúc 10:25)**

## Cabhraigh linn, a Thiarna, ár saol a iompú i do threo.

### Pasáistí breise scrioptúir

Rómhánaigh 14:8-9
Salm 103:13-18

### Tráchtaireacht

"Cad tá le déanamh agam chun go mbeinn páirteach sa bheatha shíoraí?" An cheist ríthábhachtach seo a chuir dlíodóir ar Íosa, tugann sí dúshlán gach duine a chreideann i nDia. Bíonn tionchar aige ar bhrí ár saol ar domhan agus ar an tsíoraíocht. In áiteanna eile sa Bhíobla, tugann Íosa dúinn an sainmhíniú deiridh ar an saol síoraí: "... iad a chur aithne ortsa, an t-aon Dia fírinneach amháin, agus ar Íosa Críost, a chuir tú uait" (Eoin 17:3). Is éard is brí le haithne a chur ar Dhia a fháil amach faoi thoil Dé inár saol agus í a dhéanamh. Maidir leis an bhfís atá ag Dia dúinn, (cf. Eoin 10:10), is cumhachtach an léiriú a thugtar uirthi i bhfocail Naomh Irenaeus: "Is é éard is glóir Dé ann duine a bheith go hiomlán beo".

Cuireann foréigean, saint agus dúshaothrú bearna eadrainn go léir agus Íosa, arb é "an Bealach" a threoróidh sinn go dtí an tAthair, ár gcinniúint deiridh. Sracadh sochaí Bhuircíne Fasó as a chéile le 8 mbliana anuas, agus rinneadh í a thrámatú mar gheall ar an bhforéigean agus choimhlint dar bonn na féiniúlachta, agus is as an tsochaí sin a thagann a bhfuil le rá ag eaglaisí Bhuircíne Fasó, agus tugann siad dóchas dúinn i ngeallúint uilechreidmheach ghrá Chríost.

### Machnamh

D'fhéadfadh sé go bhfuil an saol i mBuircíne Fasó an-difriúil lenár saol féin, ach is féidir linn gnéithe comhthreomhara suntasacha a aithint sna dúshláin atá os comhair Críostaithe i ngach comhthéacs. Smaoinigh ar an machnamh seo a leanas ó cheannairí Eaglaise in Éirinn:

"Agus sinn ag tabhairt aghaidh ar an stair, tá freagracht mhorálta orainn a aithint go bhféadfadh tionchar díobhálach a bheith ag an bhforéigean agus ag focail ar foréigean is féidir a theacht de thoradh orthu, agus tá dualgas orainn cúraim a dhéanamh dóibh siúd atá fós ag maireachtáil le tráma an fhoréigin ina dhiaidh sin... Cuireadh teagasc, aireacht agus íobairt Chríost ar fáil i gcomhthéacs sochaí a bhí roinnte go polaitiúil, sochaí a gortaíodh de bharr coimhlint agus éagóir... Mar a léiríodh sa chruinniú leis an Samárach mná (Eoin 4:1-42), is éard a fheicimid sna teagmhais seo nach bhféachann Críost le beag is fiú a dhéanamh d'éagsúlachtaí ach le ceangail a a chur ar bun tríd an éisteacht

ghrástúil, trí dhóchas an túis nua a chur in ionad an eisiaimh agus an náire.”
(Grúpa Ceannairí Eaglaise na hÉireann,
In Christ We Journey Together
17 Márta 2021)

## Paidir

A Dhia na beatha,
Chruthaigh tú sinn i dtreo go mbeimis páirteach sa bheatha, agus sa bheatha ina hiomláine uile.

Tabhair cuidiú do d’Eaglais atá leonta i dtreo go mbeadh sí ina foinse dóchais agus leighis.

Leanaimid go diongbháilte do bhealach Íosa, agus go dtreoraímid daoine eile chugat.

Guímid in ainm Íosa. Amen.

## Ceisteanna

**Pearsanta:** Cad é an bealach ina bhfíorófar an fhís atá ag Dia duit i do shaol?

**Áitiúil:** Mar eaglaisí, cad a d’fhéadfadh a bheith ag lagú an fhinnéacht a dhéanaimid do ghealltanas Dé um an mbeatha fhial?

**Domhanda:** Cad eile a d’fhéadfadh pobail chreidimh a dhéanamh chun tógáil ar a dtaithí thréadach agus ar a raon domhanda chun obair na síochána agus an athmhuintearais a chur chun cinn?

## Téigh agus Déan

(www.ctbi.org.uk/goanddo)

**Pearsanta:** Smaoinigh ar shampla ón nuacht a léiríonn sochaí ar ghortaigh an choimhlint í. Déan taighde ar an gcaoi a bhfuil eaglaisí Críostaí ag freagairt dó seo. Conas is féidir é seo a chur i bhfeidhm in bhur gcomhthéacs féin?

**Áitiúil:** Smaoinigh ar an téama ó Sheachtain Ghuí na bliana seo leis an Aontacht Chríostaí a roinnt le baill de phobail chreidimh eile in bhur gceantar áitiúil, ag machnamh ar na naisc idir na comhthéacsanna áitiúla agus domhanda. Cad eile is féidir le bhur bpobail a dhéanamh chun saincheisteanna a bhaineann leis an gceartas domhanda a thabhairt isteach inár gcomhphlé áitiúil idirchreidimh?

**Domhanda:** Ionsaíodh agus dúnmharaíodh Críostaithe a tháinig chun adhradh agus finnéacht a dhéanamh in éineacht le chéile i gceantair áirithe i mBuircíne Fasó, agus tá bagairt an fhoréigin fós ag ciapadh agus ag scaipeadh an phobail sin. Táimid ag tionól le linn na Seachtaine seo Guí leis an Aontacht Chríostaí. Guitear ar son gach duine atá thíos leis an ngéarleanúint reiligiúnach i mBuircíne Fasó agus in áiteanna eile ar domhan.

# Lá 2

**D'fhreagair Íosa: "Gráóidh tú do Thiarna Dia ó do chroí go hiomlán agus ó d'anam go hiomlán agus ó do neart go hiomlán agus ó d'aigne go hiomlán, agus do chomharsa mar thú féin." (Lúc 10:27)**

**Cabhraigh liom, a Thiarna, go nglacaim do ghrá, gura léir tú trí ghrá a thabhairt mar is ceart, dom féin agus do mo chomharsa.**

## Pasáistí breise scrioptúir

Deotranaimí 10:12-13

Salm 133

## Tráchtaireacht

An freagra a tharraing Íosa amach as an dlíodóir, é bunaithe ar aitheanta dea-aitheanta Dé, tá cuma shimplí air. Mar sin féin, an t-ordú chun grá a bheith againn do Dhia lenár gcroí, ár n-anam, ár neart agus ár n-aigne uile, is dúshlán leanúnach é, agus ceanglaítear leis dícheall saoil maidir le bheith ag foghlaim agus maidir le hathrú radacach a thaispeáint agus a lorg ionainn féin trí chumhacht an Spioraid Naoimh.

Leis an treoir chun grá a bheith againn dár gcomharsana "mar thú féin", éilítear go dtabharfaí an méid céanna airde ina leith sin. Is gá dlúthchaidreamh chun go mbeimis ábalta grá agus luach a thabhairt dúinn féin faoi mar ba mhian le Dia. An bhfuil Dia ag rá nach féidir linn grá a bheith againn dár gcomharsa go hiomlán mura bhfuil grá againn dúinn féin? Dealraíonn sé gur sin atá sé a rá, agus is dúshlán ollmhór é sin do chuid mhór dínn. An aithnímid gur i nglóir ghrá Dé a mhairimid, faoina shúile atruacha de shíor. Is sinne cruthú ionúine Dé, is in íomhá Dé a rinneadh sinn, agus gráitear sinn.

Le hAithne Dé chun grá, iarrtar tiomantas domhain arb éard is toradh air sinn féin a thréigean go hiomlán, ár gcroí agus ár n-aigne a ofráil chun freastal ar thoil Dé. Níl aon teorainn le grásta Dé dúinn. Iarr, a deir Dia, agus gheobhaimid grásta den sórt a fhágfaidh go bhféadfaimid leanúint do shampla Chríost, an té a thug é féin suas go hiomlán agus dúirt: "Nárab í mo thoilse a dhéanfar ach do thoilse." (Lúc 22:42), rud ar léiriú é ar an ngrá mór don daonnacht, lena n-áirítear a chuid naimhde.

Ní féidir linn ár gcomharsana a roghnú. Uaireanta, ní mór dúinn bacainní deacra a thrasnú chun friotháil orthu, seachas siúl tharstu. Is éard is ciall le bheith aireach ar a gcuid riachtanas, glacadh le cé hiad, le humhlaíocht, iad a spreagadh ina ndóchas agus ina mianta. Le haontacht Chríostaí, éilítear an umhlaíocht céanna — i gCríost, is aon sinn. Foghlaimímis le ceiliúradh a dhéanamh ar an éagsúlacht agus ar an nglóir i mbeatha, i mbás agus in aiséirí aontaitheach Chríost, — slí nua maireachtála a insealbhú agus í ar fáil do chách.

## Machnamh

A chara ionúine, is duit mo chroí.
Chruthaigh mé tú, is aithne dom tú.
Líonann d'ainm le gliondar mé.
Gach gníomh, freagra, smaoineamh, mothúchán
agus paidir ar do shon, tá sé bunaithe
ar ghrá dá airde.
Bíodh agat m'atrua,
bog i mo shéimhe,
faigh lúcháir i mo chineáltas atá meidhreach.
Lig dom do mhuirniú —
lig dom bású ar do shon —
gura mo chroí do chroí-se.
Cuisle athnuaite,
faoi bhláth laistigh díot, a fhís mhín ghrámhar,

ar shúile an tsaoil;
dóchas cróga gan géilleadh
grásta thar maoil.
A chara ionúin,
ceadaigh do neamh nochtadh
i ngach teagmháil dhaonna,
mínigh é
le dínit an ghrá
agus geallúint.

## Paidir

A Thiarna, tabhair dúinn an grásta aithne dhomhain a chur ort,
d'fhonn tú a ghrá go hiomlán.
Go gcuire tabhartas an Spioraid Naoimh ar a gcumas dár súile, dár cluasa agus dár n-aigne an grá
neamhchoinníollach a thugann tú dúinn a bhrath.
Glan ár gcroí le gur féidir linn a bheith réidh grá a bheith againn dár gcomharsa, dá dhifriúla linn é, mar sinn féin.
Trí shaol féinriarthach Chríost ár dTiarna. Amen.

## Ceisteanna

**Pearsanta:** Conas mar a fhéachann tú ort féin? Conas mar a fhéachann Dia ort?

**Áitiúil:** Cén t-athrú a thagann ar dhearcadh daoine eile ort mar gheall ar dhearcadh Dé ort?

**Domhanda:** Cén t-athrú a thagann ar an mbealach a fhreagraíonn tú don dea-scéal mar gheall ar dhearcadh Dé ort?

## Téigh agus Déan

(www.ctbi.org.uk/goanddo)

**Pearsanta:** Bíodh sé de rún agat aithne a chur ar dhuine nua i do bhóthar agus aimsigh bealach grámhar chun dul i ngleic leo.

**Áitiúil:** Cuardaigh san áit a bhfuil tú i do chónaí agus na deiseanna atá ann bacainní a thrasnú chun freastal a dhéanamh.

**Domhanda:** Faigh amach faoi fhadhb a bhaineann le daoine atá easáitithe agus díshealbhaithe. Conas a d'fhéadfá cur leis an gcás ar bhealach fóinteach?

# Lá 3

**"Cé hé mo chomharsa?" (Lúc 10:29)**

## A Thiarna, oscail ár gcroí dóibh siúd nach féidir linn a fheiceáil.

### Pasáistí breise scrioptúir

Rómhánaigh 13:8-10

Salm 119:57-63

### Tráchtaireacht

Bhí múinteoir an dlí ag iarraidh bonn a chur faoi féin, bhí súil aige gur duine dá gcreideamh féin agus dá phobal féin an chomharsa ar iarradh air grá a bheith aige dó. Is de nádúr an duine é sin. Nuair a thugaimid cuireadh do dhaoine chuig ár dtithe, is minic gur daoine iad arb ionann ár stádas sóisialta, dearcadh saoil agus ár luachanna. Is de nádúr an duine é tús áite a thabhairt d'áiteanna a bhfuil aithne againn orthu. Tá sé seo fíor freisin i gcás pobal eaglaisí. Ach tógann Íosa an dlíodóir agus a lucht féachana níos leithne níos doimhne isteach ina dtraidisiún féin trí mheabhrú dóibh go bhfuil sé de dhualgas orthu fáilte a chur roimh chách agus grá a bheith againn dóibh, beag beann ar reiligiún, ar chultúr ná ar stádas sóisialta.

Múineann an Soiscéal nach aon rud speisialta grá a bheith againn dóibh siúd atá cosúil linn féin. Stiúrann Íosa sinn i dtreo leagan i bhfad níos radacaí dá bhfuil i gceist le bheith ina dhuine. Léiríonn an parabal ar bhealach an-sofheicthe cad leis atá Críost ag súil uainn — ár gcroí a oscailt agus siúl ina bhealach, grá a bheith againn do dhaoine mar atá aige dúinn. Is amhlaidh nach "cé hé mo chomharsa?" an freagra a thug Íosa ar an dlíodóir, ach "cé acu ba chomharsa don té a tharla i líon na robálaithe?"

Sna hamanna a mbíonn neamhshláine nó eagla orainn, cuirtear brú orainn aghaidh a thabhairt ar fhírinne a dtagann mímhuinín agus éiginnteacht chun tosaigh i gcaidreamh. Is é seo dúshlán an pharabail sa lá atá inniu ann: "cé hé mo chomharsa"?

### Machnamh

**Scéal an Dlíodóra**

Is aoibhinn liom dlí Dé.  
Tá sé fíorthábhachtach dom an Dlí  
a choinneáil.  
Tá sé mar bhunús le mo shaol  
agus is é is síoraíocht dom.  
Ach ba mhaith liom a fháil amach cén  
tslí leis sin a dhéanamh,  
ba mhaith liom é a dhéanamh i gceart.

Sin an fáth ar iarr mé  
cé dó ar chóir grá a bheith do chách  
amhail dom.  
Agus d'fhreagair sé

le scéal faoi theagmháil aisteach,
teagmháil strainséirí.

Agus machnóidh mé
ar an duine a léirigh trócaire.
Agus iompróidh mé an dúshlán
a bheith cosúil leis an té sin,
a shiúl
faoi scáth an mheirligh.

## Paidir

A Dhia an ghrá,
a scríobhann grá isteach inár gcroíthe,
cuir ionainn an misneach le breathnú
tharainn féin
agus chun an chomharsa a aithint i
ndaoine atá difriúil linn féin
a bheith mar an chomharsa
gan choinne,
gur féidir linn leanúint d'Íosa Críost mar
is ceart —
ár mbráthair agus ár gcara,
an té is Tiarna ann, go deo na ndeor.
Amen.

## Ceisteanna

**Pearsanta:** Cén fáth, dar leat, ar chuir an dlíodóir a chéad cheist?

**Áitiúil:** Cé hiad na daoine atá eisiata laistigh de do phobal agus cén fáth?

**Domhanda:** Conas is féidir leatsa, agus le d'eaglais nó le do ghrúpa eaglaisí, conas is féidir a bheith mar chomharsana do dhaoine in áiteanna eile ar domhan nach bhfuil mórán teagmhála agat leo nó nach bhfuil teagmháil ar bith agat leo?

## Téigh agus Déan
(www.ctbi.org.uk/goanddo)

**Pearsanta:** Smaoinigh ar dhuine nár smaoinigh tú riamh air mar do chomharsa. Conas is féidir leat a bheith i do chomharsa leo ar bhealach praiticiúil?

**Áitiúil:** Smaoinigh ar an séipéal/ar an bpobal is gaire daoibh go geografach agus ar cheann ar beag an teagmháil atá agaibh leis, nó nach bhfuil aon teagmháil agaibh leis, agus déan teagmháil leis!

**Domhanda:** Glac céimeanna praiticiúla mar eaglais nó mar ghrúpa eaglaisí i dtreo a bheith mar chomharsana do mhuintir Bhuircíne Fasó.

# Dátaí

Is iad na dátaí a bhaineann leis an tSeachtain Ghuí don Aontacht Chríostaí de ghnáth ná an 18 Eanáir go dtí an 25 Eanáir (ochtach Naomh Peadar agus Naomh Pól). Roghnaíonn grúpaí eile amanta eile sa bhliain áfach, timpeall na Cincíse go mórmhór, ar dáta tábhachtach iad d'aontacht na heaglaise. Déanaigí bhur gcinneadh féin maidir leis seo, ag brath ar cad a oireann go háitiúil. Chuige sin a bhaintear leas as córas an 1-8 seachas dataí ar leith a roghnú. Faoi mar atá, beidh sé ar chumas gach grúpa an t-ábhar a úsáid pé lá is mian leo féin é.

# Ordú Seirbhíse

Is féidir an t-ordú seirbhíse a fhaightear i lár an phaimhpléid a tharraingt amach agus a chóipeáil más gá. Is féidir ina theannta sin gach acmhainn a íoslódáil ó shuíomh idirlín an CTBI, agus míle fáilte romhaibh bhur gcuid féin a dhéanamh díbh d'fhonn úsáid áitiúil a bhaint astu. Tugaigí aitheantas le bhur dtoil d'Eaglaisí le Chéile, an Bhreatain Mhór agus Éire, an tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí, a sholáthair an t-ábhar.

# Falla na hAontachta Críostaí

Bheimis buíoch dá gcuirfeadh sibh chugainn sonraí agus grianghraif bhur gcuid imeachtaí, maille le paidreacha agus teachtaireachtaí aontachta ar "fhalla" na haontachta Críostaí de chuid www.weekofprayer.org trína bheith ag tvuíteáil chuig an haischlib #wpcuwall. Beidh na póstálacha le feiscint go huathoibríoch (tar éis cúpla nóiméad nó mar sin).

# Creidiúintí Grianghrafadóireachta

Is féidir an íomhá chumhdaigh a atáirgeadh lena húsáid i dtaca leis an tSeachtain Ghuí don Aontacht Chríostaí 2024 ach an t-aitheantas cuí a thabhairt.

**Íomhá clúdaigh agus lch13:** JESUS MAFA. An Dea-Shamárach, ó Art in the Christian Tradition [Ealaín sa Traidisiún Críostaí], tionscadal de chuid Leabharlann na Tríonóide, Vanderbilt, Nashville, TN.

**Uigeachtaí lgh 13-24:** gstudioimagen1 ar Freepik.

**Clúdach cúil:** AdobeStock.

An tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí 2024

# An tOrd Adhlactha



© Churches Together in Britain and Ireland

churches together IN BRITAIN AND IRELAND©

*Ghuigh Íosa ionas gurbh aon sinn go léir. Cruinníonn Críostaithe le chéile gach bliain chun é seo a bhaint amach. Gach bliain roghnaíonn Críostaithe ó chuid eile den domhan téama agus cuireann siad paidreacha agus machnaimh ar fáil, paidreacha agus machnaimh ina labhraítear óna gcomhthéacs féin. I mbliana is bhfoirm bhronntanas na n-eaglaisí ó náisiún na hAfraice Thiar, Buircíne Fasó a thagann ár bpaidreacha chugainn. Agus tús á chur leis an tseirbhís, ba chóir sólaistí a thabhairt amach mar shiombail fáilte agus comhaltachta de réir mar a thagann daoine isteach.*

## Grá Dé a Bhailiú agus a Roinnt

*(d'fhéadfaí é seo a dhéanamh san áit ina roinntear na sólaistí)*

Léitheoir

I mBuircíne Fasó, úsáidtear calabás — is é sin, gurd folaithe — chun uisce a roinnt le haíonna agus tuirse orthu tar éis a n-aistear.

*Déantar uisce ón gcalabás (nó ón gcrúiscín) a dhoirteadh isteach i mbabhla*

Cuireann sé seo fáilte, freastal agus comhaltacht in iúl. Tar éis deoch a thabhairt don chuairteoir, is féidir tús a chur leis an gcomhrá, agus is féidir cúis na cuairte a chur in iúl.

Nuair a thángamar isteach, cuireadh fáilte romhainn le sólaistí agus anois agus sinn ag dul isteach san urnaí, táimid ag leanúint den fhreastal agus den fháilte a roinnt.

Cloisimis faoin mbealach ar fháiltigh Abraham roimh an triúr cuairteoirí agus faoin deoch a chuir sé ar fáil dóibh.

## Léamh ón Sean-Tiomna

*Geineasas 18:1-8*

## Iomann nó Amhrán

*(iompraítear an t-uisce isteach sa spás adhartha lena linn, agus tagann an pobal isteach ina dhiaidh sin)*

## Cuireadh chun paidreoireachta

Ceannaire Bhailíomar anseo chun paidir a rá ar son aontacht infheicthe na hEaglaise.

Molaimis Dia, agus abraimis:

**Tionóil** **Glóir duit, a Athair, léiríonn tú tú féin i do chruthú agus iarrann tú ar chách chun maireachtála i do láthair.**
**Glóir duit, Críost Íosa,**
**tugann tú tú féin do gach duine againn i d'iomláine, agus iarrann tú an céanna a dhéanamh.**
**Glóir duit, a Spioraid Naoimh,**
**bailíonn tú le chéile sinn sa ghrá agus san aontacht.**
**Glóir duit, a Dhia an ghrá,**
**is ionat a cruthaíodh agus a fuasclaíodh sinn agus a rinneadh aon dínn.**
**Amen.**

## Liodán an Mholta agus an Altaithe

Léitheoir Iompaímis ár gcroí chuig Dia, do do mholadh:

Moladh ort a Thiarna óir dháil tú do ghrá ar ár gcroí ionas nach gcaillfimid go deo an dóchas.

**Tionóil** **Molaimid tú, a Thiarna.**

Léitheoir Le do ghrá tugann tú ár saol saor ó eagla agus cuireann tú cóir ar ár gcroí atá gointe gortaithe

**Tionóil** **Molaimid tú, a Thiarna.**

Léitheoir Do gach duine a chuireann síolta na hatrua agus an ghrá dá gcomharsana ar fud an domhain.

**Tionóil** **Molaimid tú, a Thiarna.**

Léitheoir A Dhia síoraí, gabhaimid buíochas leat as do Mhac Íosa a bhronnadh orainn, is é slánaitheoir an chruthaithe uile é.

**Tionóil** **A Thiarna, gabhaimid buíochas leat.**

Léitheoir As an ngrásta a athnuaitear agus as bláth an chreidimh, an dóchais agus an ghrá.

**Tionóil** **A Thiarna, gabhaimid buíochas leat.**

Léitheoir As an gcreideamh a fuair muid ó na haspail, as paidir Íosa ar son na haontachta agus as bronntanas an Dea-Scéala an tslánaithe.

**Tionóil** **A Thiarna, gabhaimid buíochas leat.**

Léitheoir A Dhia an ghrásta, flaithiúlacht do ghrá do chách, grá atá chomh tomhaiste, tá sí thar ár tuiscint féin.

**Tionóil** **A Tiarna, adhraimid tú.**

Léitheoir As do Mhac, Íosa Críost, a chur isteach sa domhan.

**Tionóil** **A Tiarna, adhraimid tú.**

Léitheoir As leanúint dár saol a líonadh le do ghrá tríd an Spiorad Naoimh.

**Tionóil** **A Tiarna, adhraimid tú.**

## Iomann an Mholta

## Paidreacha na Faoistine

Ceannaire Tagaimid romhat, a Dhia, chun ár bpeacaí a admháil:

Léitheoir Tríd an sonas a lorg gan Dia agus neamhaird a dhéanamh d'ordú an ghrá, táimid iompaithe ónár gcomharsa. Ár leithleachas agus ár ndúil i nithe a shealbhú, scarann siad ó Dhia sinn.

*Tost*

Léitheoir A Dhia na Trócaire:

**Tionóil** **Maitear agus cneasaítear sinn.**

Léitheoir Nuair a dhéanaimid neamhaird ar dhaonnacht daoine eile agus nuair a thógaimid ballaí deighilte, cuirimid síolta an fhuatha agus an fhoréigin, agus tréigimid ordú grá an Tiarna.

*Tost*

Léitheoir A Dhia na Trócaire:

**Tionóil** **Maitear agus cneasaítear sinn.**

Léitheoir Nuair a chruann ar ár gcroí de dheasca easpa atrua, ní fheicimid Íosa i ndaoine a thuilleadh.

*Tost*

Léitheoir A Dhia na Trócaire:

**Tionóil** **Maitear agus cneasaítear sinn.**

Léitheoir Nuair a theipeann orainn ár gcroí agus ár n-aigne a oscailt ar ghrá Dé atá gan teorainn gan choinníoll, tagann an domhan faoi scáth an leithleachais, an fhoréigin, agus na fuarchúise.

*Tost*

Léitheoir A Dhia na Trócaire:

**Tionóil** **Maitear agus cneasaítear sinn.**

Ceannaire A Dhia agus a Athair ár dTiarna Íosa Críost, déan trócaire orainn, maith dúinn ár bpeacaí, agus tabhair athrú cló dúinn trí do Spiorad Naoimh.

**Tionóil** **A Dhia Naofa! Naofa, Láidir! Naofa, Neamhbhásmhar, déan trócaire orainn!**

**A Dhia Naofa! Naofa, Láidir! Naofa, Neamhbhásmhar, déan trócaire orainn!**

**A Dhia Naofa! Naofa, Láidir! Naofa, Neamhbhásmhar, déan trócaire orainn!**

# Salm Freagraloch

*Salm 138*

Léitheoir

Gabhaim buíochas leat, a Thiarna, le mo chroí iomlán;
os comhair na ndéithe, gabhaim do mholadh;
cromaim síos i dtreo do theampaill naofa
agus gabhaim buíochas le d'ainm as do ghrá diongbháilte
agus do dhílseacht;
d'ardaigh tú d'ainm agus d'fhocal os cionn gach ní.

**Tionóil**

**An lá ar ghlaoigh mé, d'fhreagair tú.**

Léitheoir

Ar an lá a ghlaoigh mé, d'fhreagair tú.
mhéadaigh tú neart m'anama.
Beidh gach rí ar domhan i do mholadh, a Thiarna,
mar gur chuala siad na focail ar do bhéal.

**Tionóil**

**An lá ar ghlaoigh mé, d'fhreagair tú.**

Léitheoir

Canfaidh siad bealaí an Tiarna,
mar gur mór é glóir an Tiarna.
Cé gur ard é an Tiarna, tá beann aige ar an íseal;
agus an dream atá mórchúiseach, breithníonn sé uaidh iad ó
fada i gcéin.

**Tionóil**

**An lá ar ghlaoigh mé, d'fhreagair tú.**

Léitheoir

Siúlaim as measc na trioblóide,
caomhnaíonn tú mé i gcoinne cholg mo naimhde;
síneann tú amach do lámh,
agus seachadann do lámh dheas mé.
Comhlíonfaidh an Tiarna a chuspóir dom;
do ghrá diongbháilte, a Thiarna, mairfidh sé go deo.
Ná tréig obair do lámh.

**Tionóil**

**An lá ar ghlaoigh mé, d'fhreagair tú.**

Léitheoir

Glóir don Athair agus don Mhac agus don
Spiorad Naoimh;

**Tionóil**

**Mar a bhí ar dtús, mar atá fós, agus mar a bheidh go brách, le saol na saol. Amen.**

*Is féidir comhghairm a dhéanamh sula léitear an Soiscéal*

## Léamh Soiscéil

*Lúc 10:25-37*

## Iomann

## Seanmóin / Homaile

*Nóiméad ciúnais nó iomann ina dhiaidh.*

## Dearbhú Grá

*(véarsaí ó 1 Corantaigh 13)*

*Léigh ar bhealach ainteafanúil, leath amháin den phobal ag léamh an chéad chuid de gach rann agus an leath eile ag léamh an dara ceann.*

**I** Má labhraím i dteangacha daoine agus aingeal,
ach gan aon ghrá a bheith agam, níl ionam ach mar a bheadh prás ag fuaimneach nó ciombail ag clingeadh.

**II** Má tá bua fáidheoireachta agam, eolas ar gach rún diamhair agus fios gach ní agam,
agus oiread lánchreidimh agam agus a d'aistreodh na sléibhte ach gan aon ghrá a bheith agam, is neamhní mé.

**I** Má roinnim amach mo mhaoin shaolta go léir,
agus má thugaim suas mo chorp le dó ach gan aon ghrá a bheith agam, ní aon tairbhe dom é.

**II** Bíonn an grá foighneach agus bíonn sé lách; ní bhíonn éad air; ní dhéanann sé maíomh ná mórtas; ní bhíonn sé mímhúinte.

**I** Ní bhíonn sé leithleasach, míchéadfach ná agrach;

**II** Ní áil leis an éagóir ach is aoibhinn leis an mhaith.

**I** Bíonn sé lán d'fhadfhulaingt, lán de chreideamh, lán de dhóchas agus lán d'fhoighne.

**II** Ní rachaidh an grá i léig go deo. Rachaidh an fháidheoireacht ar ceal, rachaidh na teangacha dá dtost, agus rachaidh an t-eolas ar neamhní.

**I** Mar tá ár gcuid eolais easnamhach agus tá ár bhfáidheoireacht easnamhach; agus nuair a thiocfaidh ann an rud foirfe, rachaidh an rud easnamhach ar neamhní.

| | |
|---|---|
| II | Tá trí nithe ann atá buan, más ea, creideamh dóchas agus grá. |
| **CÁCH** | **Is é an grá an ní is mó orthusan.** |

# Iomann

*Is féidir an nóiméad seo a úsáid freisin mar dheis chun an ofráil a bhailiú.*

# Paidreacha Idirghuí

| | |
|---|---|
| Ceannaire | Iarradh orainn grá a thabhairt do Dhia agus dár gcomharsa mar sin féin. Agus muid ag athnuachan ár dtiomantais don iarraidh seo, go neartaí an grá ár n-aontacht mar Chríostaithe. |
| Léitheoir | A Dhia an ghrá gan teorainn, guímid gur féidir le gach duine teacht ar an eolas faoi do thrócaire gan teorainn agus do ghrá gan teorainn. |
| **Tionóil** | **Líon le do ghrá sinn. Déan aon rud amháin ionatsa dínn.** |
| Léitheoir | A Dhia, ár n-aoire, táimid scaipthe agus iarraimid ort sinn a bhailiú le chéile in aon tréad amháin. |
| **Tionóil** | **Líon le do ghrá sinn. Déan aon rud amháin ionatsa dínn.** |
| Léitheoir | A Dhia an mhisin, cuir beocht do Spioraid ionainn agus seol amach arís mar sholas an domhain agus mar shalann an domhain. |
| **Tionóil** | **Líon le do ghrá sinn. Déan aon rud amháin ionatsa dínn.** |
| Léitheoir | A Dia ár dturais, inár laige agus inár n-eagla, is minic a |

ghabhaimid tharat ar an taobh eile. Tabhair grásta dúinn dul sa seans agus an strainséir atá i ngátar a thabhairt ar láimh, aire a thabhairt dá chréachtaí coirp, aigne agus spioraid.

Tionóil — **Líon do ghrá sinn. Déan aon rud amháin ionatsa dínn.**

Léitheoir — A Dhia na Comaoine, guímid go bhféadfaimis oibriú le chéile ar son d'ardghlóire agus Dea-Scéala an tslánaithe a roinnt ar son cách.

Tionóil — **Líon le do ghrá sinn. Déan aon rud amháin ionatsa dínn.**

# Paidir an Tiarna

Léitheoir — Cuirimid ár bpaidreacha féin le paidreacha Íosa, an té a mhúin dúinn lena rá le linn paidreoireachta dúinn:

Tionóil — **Ár nAthair…** *(de réir an ghnáis áitiúil)*

# Iomann

# Paidir Deiridh

*(ón bPaidir Laethúil ar son na hAontachta Críostaí atá ag an Chemin Neuf Community).*

Tionóil — **A Thiarna Íosa, ghuigh tú ionas gurbh aon sinn go léir,**
**Guímid leat ar son aontacht na Críostaithe go léir,**
**de réir do thola, de réir d'acmhainne.**
**Go gcumasaí do Spiorad dúinn taithí a fháil ar an**
**bhfulaingt a bhíonn de dheasca na deighilte,**
**chun ár bpeaca a fheiceáil agus chun dóchas thar dóchas**
**a bheith againn. Amen.**

## Seoladh agus Beannacht

*(ar lena linn is féidir an babhla uisce a ardú nó tagairt a dhéanamh dó ar bhealach éigin)*

| | |
|---|---|
| Ceannaire | Fuair tú deoch ó uisce na beatha, aontaithe i gCríost agus beo ag an Spiorad Naoimh: téigh amach agus gráigh Dia, mar thú féin.<br>Agus beannacht Dé uilechumhachtaigh, an tAthair, an Mac agus an Spiorad Naoimh, go raibh sí ort agus leat i gcónaí. |
| **Tionóil** | **Amen! Buíochas le Dia na Glóire!** |

## Iomann

~ · ~

**Is as An Bíobla Naofa a thógtar na hathfhriotail scrioptúir anseo istigh, cóipcheart © 1981, arna fhoilsiú ag An Sagart, agus is de chaoinchead a úsáidtear iad. Gach ceart ar cosaint.**

**Creidiúintí Grianghrafadóireachta:**
Íomhá clúdaigh: JESUS MAFA. An Dea-Shamárach, ó Art in the Christian Tradition [Ealaín sa Traidisiún Críostaí], tionscadal de chuid Leabharlann na Tríonóide, Vanderbilt, Nashville, TN.

Uigeachtaí: gstudioimagen1 on Freepik.

## Fonótaí ón réamhrá a ghabhann leis an téama

[1] Tuilleadh eolais faoi CCN:

Is pobal Caitliceach é Chemin Neuf Community (CNN) a bhfuil gairm éacúiméineach acu, bunaíodh i Lyon ar dtús iad sa bhliain 1973 agus tá siad anois ar bun thar chúig mhór-roinn. Cosúil le go leor nuapobal, fuair siad spreagadh ó dhinimic Vatacáin II, tá siad fréamhaithe i dtraidisiún Iognáide agus i dtaithí na hAthnuachana Carasmataí — ie an saol sa Spiorad Naomh. Ina measc siúd a roghnaigh eachtraíocht an tsaoil pobail a leanann Críost, tá lánúineacha, deartháireacha agus deirfiúracha coisricthe, mná agus fir, iad ó thíortha agus ó chultúir éagsúla. Tá siad ina gcónaí sa cheantar céanna nó faoin díon céanna, agus is léir dóibh gach lá gurb amhlaidh a mhéadaítear ar a bhfuil acu nuair a bhíonn siad ag roinnt lena chéile. Is fearr de dheartháireacha agus de dheirfiúracha iad nuair a roinneann siad lena chéile cad is iad féin ann. Ar chosán umhal seo an tsaoil laethúil a roinneann siad lena chéile, is léir dóibh a shaibhre atá an teagmháil idir a gcuid éagsúlachtaí, go háirithe nuair a bhíonn dúshlán an imréitigh i gceist. Ón gcomaoineach seo is ea a thagann an t-áthas agus an ceiliúradh atá i gcroílár an phobail.

Tá 2,400 duine ina mbaill de CCN, agus tá siad le fáil i 30 tír, i 80 deoise; ina measc tá 400 aontumhach coisricthe, lena n-áirítear 120 sagart. Is é Père Laurent Fabre a bhunaigh an pobal. Tháinig Père François Michon mar chomharba air in 2016 ina cheannaire ar an bpobal. I mBuircíne Fasó, tá thart ar seachtó ball tiomanta ag CCN, lánúineacha pósta den chuid is mó, ach sagairt agus siúracha coisricthe is ea cuid díobh freisin. (Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach: https://www.chemin-neuf.fr nó http://bf.chemin-neuf.org.)

Tá gairm éacúiméineach ag pobal Chemin Neuf: “Go mba aon iad go léir” (Eoin 17:21). “Tá sé de mhisneach againne creidiúint in aontacht infheicthe na hEaglaise, agus fuaireamar iarraidh go n-oibreoimis ar son na haontachta sin lena bhfuil de neart againn” (Constitutions, lch.20). Ba é Íosa a ghuigh ar dtús ar son na haontachta, agus is mian le baill CCN a gcuid féin a dhéanamh den phaidir sin. “Aon ní is féidir a dhéanamh i dteannta a chéile, déanaimis é.” Caitlicigh, Protastúnaigh, Soiscéalaigh, Cincísigh, Ortadocsaigh agus Anglacánaigh, roinneann siad a saol laethúil agus cuireann siad a misin i gcrích le chéile. Déanann siad é seo d'fhonn finnéacht a dhéanamh do ghrá an Athar dá chlann go léir. Ar an turas seo, cuireann siad cineálacha éacúiméineacha éagsúla ar fáil agus is mian leo a n-eaglaisí féin a thabhairt isteach leo, naisc láidre á gcruthú leo siúd ina dtimpeall.

2 Is iad muintir Mossi an grúpa eitneach is mó i mBuircíne Fasó.

# Lá 4

**Ar a fheiceáil dó, ghabh sé don taobh thall thairis. (Lúc 10:31)**

## Ná casaimis go deo ó dhaoine atá i ngátar.

## Pasáistí breise scrioptúir

Íseáia 58:4-8a

Salm 34:15-22

## Tráchtaireacht

Is féidir gur cúiseanna creidimh a bhí ag an sagart agus an Leivíteach a ghabh don taobh thall thairis gan teacht i gcabhair. I dtús an téacs le haghaidh na Seachtaine Guí insítear dúinn mar a theastaigh ó mhúinteoir an dlí é féin a dhlisteanú. An sagart agus an Leivíteach sa parabal, bhraithfidís go raibh údar leis an méid a bhí déanta acu. Ach ar go leor ócáidí, bíonn Íosa cáinteach i dtaobh na ceannaireachta reiligiúnaí mar gheall gur chuir sí rialacha an chreidimh chun tosaigh ar an oibleagáid an mhaith a dhéanamh i gcónaí.

Is é an spreagadh céanna a thugann Íseáia dúinn i gcaibidil 58; is fearr an mhaith a dhéanamh seachas cuma na maitheasa a bheith orainn amháin. Mar Chríostaithe, an bhfuilimid réidh chun dul mórán níos faide thar choinbhinsiúin na maitheasa? Uaireanta is féidir leis na coinbhinsiúin seo teacht i gceannas, agus cuirtear as don rud is tábhachtaí i ndáiríre. Chuir paindéim COVID-19 isteach ar ár ngearr-radharc, gearr-radharc ar den eaglaiseacht agus den chóiriú cultúrtha é, bhain sí ár ngnáis laethúla uainn. Ach le bheith macánta d'fhéadfadh go leor againn filleadh ar na gnáthaimh sin arís.

I bparabal seo Íosa, tugtar ár ndúshlán chun an mhaith a dhéanamh, agus ár bhfís a leathnú chomh maith. Ní féidir linn a fhoghlaim cad is maitheas ná cad is naofacht ann ó na daoine a bhfuil an dearcadh creidimh céanna acu, ach is minic is féidir foghlaim uathu siúd atá difriúil uainn. Tá an solas agus grá corpraithe inár namhaid freisin. Is minic gurb é an Dea-Shamárach an duine nach bhfuilimid ag súil leis. Nuair a osclaíonn muid ár súile lena thuiscint gur i gCríostaithe eile a léirítear grá Dé, bímid ag tarraingt níos gaire dóibh agus mar sin tarraingítear níos doimhne san aontacht leo sinn.

## Machnamh

Thíos an bóthar sin
ar an taobh eile thall
gheobhaidh tú salachar naofa
díoga naofa
áit a bhfuil an solas inchollaithe
corpraithe inár naimhde

amhail bronntanas arna thíolacadh
bítear dall ar an méid atá taobh istigh
nó go mbaintear an phacáistíocht, agus
is ann romhainn ár gcomharsa.

## Paidir

A Thiarna Íosa Críost,
nár bhreathnaí ár súile ar shiúl,
ach bídís leathan oscailte ar an domhan mórthimpeall orainn.
Sa taisteal tríd an saol dúinn,
go stopaimid agus go lorgaímid daoine atá gortaithe, agus go ndéanaimid cúram díobh
agus sa tslí sin, braithfimid do láithreacht féin iontu.
Tabhair dúinn tiomantas athnuaite don aistear i d'fhochair i dtreo na haontachta. Amen.

## Ceisteanna

**Pearsanta:** Cad a chuireann cosc ort an mhaith a dhéanamh?

**Áitiúil:** Cé hiad na daoine ar cosúil a n-iompar leis an Dea-Shamárach i do phobal?

**Domhanda:** Conas is féidir an tuiscint atá agat ar cad is dea-chomharsa dhomhanda ann a leathnú?

## Téigh agus Déan

(www.ctbi.org.uk/goanddo)

**Pearsanta:** Machnaigh ar do chiorcal caidreamh féin agus ar a suíomh geografach. Roghnaigh lá chun siúl trí chuid eile den bhaile. Cad a fheiceann tú agus cé a thugann tú faoi deara?

**Áitiúil:** Déan iarracht tionscadal a lorg i bpobal áitiúil atá gar duit agus a thacaíonn le daoine nach bhfeictear go minic. Lorg bealaí inar féidir leat tacú lena gcuid oibre agus a gcuid oibre a spreagadh.

**Domhanda:** Tóg roinnt ama chun taighde a dhéanamh ar an gcoimhlint i mBuircíne Fasó agus ar na dúshláin atá os comhair na hEaglaise ann.

# Lá 5

**Chuaigh sé anonn chuige agus chuir ceangal ar a chréachta, tar éis dó ola agus fíon a dhoirteadh iontu. (Lúc 10:34)**

**A Thiarna, cabhraigh linn na créachtaí a fheiceáil agus dóchas a aimsiú iontu.**

## Pasáistí breise scrioptúir

Ióéil 2:23-27

Salm 104:14-15, 27-30

## Tráchtaireacht

Rinne an Dea-Shamárach a ligfeadh a acmhainn féin dó: chuir sé fíon agus ola ar chréachta an fhir agus chuir sé ceangal orthu, agus chuir sé ar a ainmhí féin é. Chuaigh an Samárach céim is faide fós trí ghealltúint a thabhairt go n-íocfadh sé as cúram a thabhairt don fhear. Nuair a fheiceann muid an domhan trí shúile an tSamáraigh, is féidir le gach cás a bheith ina dheis chun cabhrú leo siúd atá i ngátar. Is anseo a nochtar an grá. Spreagann sampla an Dea-Shamáraigh sinn ceist a chur orainn féin conas freagairt dár gcomharsa. Thug sé fíon agus ola don fhear, thug sé idir dheoch agus dhóchas dó. Cad is féidir linn a thabhairt, ionas gur féidir linn a bheith mar chuid d'obair Dé leigheas a fháil ar an domhan briste seo?

Léiríonn an scoilt seo é féin inár saol tríd an neamhshláine, an eagla, an mhímhuinín agus an deighilt. Ábhar náire is ea é gur ann do na scoilteanna seo idir Críostaithe chomh maith. Déanaimid ceiliúradh ar shacraimintí nó ar dheasghnátha eile leighis, athmhuintearais agus sóláis (go minic baintear úsáid as ola agus fíon), leanaimid ar aghaidh le hiompar arb é is cúis le scoilt, corp Chríost á ghortú dá réir sin. Cuirtear leigheas na náisiún chun cinn ach ár scoilteanna Críostaí a leigheas.

I bpróiseas seo an leighis, ní mór dúinn ár leochaileacht féin a aithint — conas a bheidh a fhios ag daoine eile conas dul i mbun turas leighis mura bhfuilimid ag iarraidh ár gcuid créachtaí a lomadh? Conas a dhéanfaimid iompar misniúil den sórt sin a chumhachtú, agus conas a aithneoimid go mbaineann costas leis?

## Machnamh

An t-arán ina luí, é briste
blúiríní a doirteadh ón tábla agus a
  cuireadh faoi chois.
Smáil an fhíona ag sileadh tríd
  an línéadach
áit ar chuir cupáin thar maoil.
Iarbhlas na scéalta a roinneadh
ag éirí stálaithe sa bhéal.

Marcanna doscriosta,
fianaise ar an áit ar shuigh muid le
chéile tamall,
agus anois?

Tá a sciar de dhíth ar dhaoine eile —
fíon chun gliondar a chur ar an gcroí
ola chun ungtha chun cneasaithe
agus arán chun athneartaithe.

Ní mór dúinn ár dtáblaí a athshocrú
ní mór teacht ar shuíochán
neamhchoitianta chun suí,
agus nuair a stopann an ceol ansin,
cad é an costas a bheidh ann?

## Paidir

A Dia an ghrásta,
Is tú fhoinse gach grá agus maitheasa:
cuir ar ár gcumas riachtanais ár
gcomharsa a aithint.
Cabhraigh linn a bheith macánta faoin
ngá atá againn le leigheas.
Athraigh sinn, ionas gur féidir linn grá a
bheith againn do chách.
Cabhraigh linn constaicí na deighilte
a shárú,
ionas go bhféadfaimis saol síochánta a
thógáil ar mhaithe leis an leas coiteann.
Gabhaimid buíochas as do chuid oibre
athnuachana sa chruthú
agus as sinn a threorú chuig todhchaí atá
lán dóchais:
is tú Tiarna cách inné, an lá inné, an lá atá
inniu ann agus is tú síoraíocht. Amen

## Ceisteanna

**Pearsanta:** Cad iad na créachtaí a fheiceann tú?

**Áitiúil:** Cá bhfuil tú ag aithint comharthaí dóchais i do phobal?

**Domhanda:** Cad is féidir linn a thabhairt, ionas gur féidir linn a bheith mar chuid d'obair Dé leigheas a fháil ar an domhan briste?

## Téigh agus Déan

(www.ctbi.org.uk/goanddo)

**Pearsanta:** Cad iad na réimsí éagsúlachta nó teannais in bhur bpobail a d'fhéadfá tuiscint níos doimhne a lorg ina leith? Cuir tús le comhrá atruach agus flaithiúil le roinnt daoine eile faoi seo.

**Áitiúil:** Cad iad na grúpaí atá in bhur gceantar cheana atá a bhfuil baint ghníomhach acu le cneasú ar bhealach éigin? Déan iniúchadh ar bhealaí bríocha chun dul i dteagmháil leo.

**Domhanda:** Glac an t-am mar ghrúpa séipéil chun freastal ar an domhan agus a bheith mar chuid de leigheas an domhain bhriste ("athnuann tú aghaidh na talún" Salm: 104). Agus tú á dhéanamh seo, machnaigh ar thionchar do stíl mhaireachtála ar áiteanna eile ar fud an domhain.

# Lá 6

**Chuir sé ar mhuin a bheithígh féin é, sheol go teach ósta é, agus rinne cúram de. (Lúc 10:34)**

## A Thiarna, déan "tithe ósta" dár n-eaglaisí chun fáilte a chur rompu siúd atá i ngátar.

## Pasáistí breise scrioptúir

Geineasas 18:4-5
Salm 5:11-12

## Tráchtaireacht

An fear a thit isteach i líon robálaithe, is Samárach a rinne cúram de. Thug an Samárach aghaidh ar a eagla agus ar a chlaontacht féin agus bhog sé níos faide ná é. Chonaic sé strainséir i ngátar agus thug sé go dtí ósta é. "Agus lá arna mhárach, thóg sé amach dhá dhéanar agus thug don óstóir iad agus dúirt: 'Déan cúram de, agus cibé méid a chaithfidh tú thairis sin, íocfaidh mé leat é ag filleadh dom'" (Lúc 10:35).

In aon sochaí dhaonna, tá an fáilteachas agus an dlúthpháirtíocht ríthábhachtach. Éilítear fáilte a chur roimh strainséirí, imircigh agus gach duine gan dídean. D'fhéadfadh íobairt a bheith de dhíth ar an bhfáilteachas sin, ach is finnéacht thábhachtach é don Soiscéal, go háirithe i gcomhthéacs an iolrachais reiligiúnaigh agus chultúrtha. Agus muid ag tabhairt aghaidh ar neamhshláine, ar amhras agus uaireanta ar fhoréigean, is gnách mímhuinín a bheith againn as ár gcomharsana agus is deacra dúinn an fáilteachas a leathnú agus glacadh leis.

Ag croílár an idirphlé éacúiméinigh agus an chleachtais éacúiméinigh tá fáilte a chur roimh 'an dream eile', agus fáilte roimh chách. Is é an dúshlán a thugtar do Chríostaithe tithe ósta a dhéanamh dár n-eaglaisí, spásanna oscailte agus fáiltiúla a dhéanamh díobh, áit ar féidir lenár gcomharsana teacht ar Chríost. Tá fáilteachas den sórt sin ina chomhartha ar an ngrá atá ag ár n-eaglaisí dá chéile agus do gach duine.

Is sinne lucht leanúna Chríost, agus nuair a théimid thar ár dtraidisiúin agus nuair a roghnaímid fáilteachas éacúiméineach a chleachtadh, stopaimid de bheith inár strainséirí agus tosaímid ar a bheith inár gcomharsana maithe.

## Machnamh

Cad a choscann ó ghníomh mé?
Cad é a mhúchann ár n-aontacht?
Cloímid leis an rud is aithne dúinn.
Gan ghníomh de dheasca eagla roimh
an athrú, an diúltú agus an breithiúnas.
Nó easpa ama, go díreach.
Dliteanas a chur le coinneáil ar siúl.
Taisce a chaitheamh i dtraipisí.

Cá bhfuil Críost le feiceáil in aghaidh an duine eile?
I mo tharrtháil, i m’fháiltiú, i mo ghlacadh isteach.
Ag teacht liom sa phaidreoireacht, san adhradh agus san finnéacht.
I m’fheiceáil agus mé ag féachaint isteach i súile daoine atá i ngátar.
Seoid gan choinne ar léiriú é ar ghné d’aghaidh Dé.

## Paidir

A Dhia na haontachta
In Íosa, léirigh tú dúinn brí an fháilteachais,
trí aire a thabhairt dár ndaonnacht leochaileach.
Cabhraigh linn a bheith inár bpobal,
pobal a chuireann fáilte gheal rompu siúd a bhraitheann tréigthe agus caillte,
teach ósta á thógáil ina bhfuil fáilte roimh chách agus ina léirítear grá dóibh.
Gura chóngaraí dá chéile sinn nuair a thairbhímid de ghrá neamhchoinníollach in aontacht an Spioraid Naoimh. Amen.

## Ceisteanna

**Pearsanta:** Cén uair a chonaic tú Críost i nduine a bhí éagsúil leat?

**Áitiúil:** An bhfuil eaglaisí nó spásanna ann a fheidhmíonn mar ‘theach ósta’ i ngaireacht duit?

**Domhanda:** An mbíonn do thír-se fáiltiúil roimh na daoine atá i ngátar, nó nach bhfuil?

## Téigh agus Déan

(www.ctbi.org.uk/goanddo)

**Pearsanta:** Faigh amach faoi shaol Chríostaí ó thraidisiún eile a bhí ina ‘dhea-chomharsa’. Cad a rinne siad agus cad is féidir foghlaim ón taithí seo?

**Áitiúil:** Cén ‘taisce’ éacúiméineach is féidir a fháil in bhur gceantar? Faigh amach cad atá á dhéanamh ag Críostaithe le chéile agus bí páirteach.

**Domhanda:** Smaoinigh ar do chomharsana i gcuid eile den domhan. Bí páirteach i Sraith Paidreoireachta Chomhairle Dhomhanda na nEaglaisí agus bí tiomanta do bheith ag guí go rialta ar son bhur gcomharsana agus chun iad a thuiscint ar bhealach níos fearr.

# Lá 7

**Dúirt Íosa: "Cé acu den triúr sin, do bharúil, ba chomharsa don té a tharla i líon na robálaithe?" (Lúc 10:36)**

## A Thiarna, taispeáin dúinn conas freagairt dár gcomharsa.

### Pasáistí breise scrioptúir

Filipigh 2.1-5

Salm 10:17-18

### Tráchtaireacht

Ag deireadh an pharabail, d'iarr Íosa ar an dlíodóir: cé acu ba chomharsa don té a tharla i líon na robálaithe? D'fhreagair an dlíodóir "an té a rinne trócaire air". Ní hé "an Samárach" a deir sé agus d'fhéadfaimis a shamhlú gur dheacair an freagra a rá de bharr an naimhdeas idir na Samáraigh agus na Giúdaigh. Is minic a aimsímid ár gcomharsana sna daoine is lú a raibh coinne leo, fiú iad siúd a mbíonn sé deacair a n-ainm nó a gcúlra a rá amach. I saol an lae inniu, áit a gcuirtear féiniúlachtaí éagsúla i gcoinne a chéile mar gheall ar pholaitíochtaí polaraithe, tugtar dúshlán dúinn i bparabal Íosa tuiscint a bheith againn ar thábhacht ár ngairme maidir le teorainneacha agus ballaí a thrasnú.

Cosúil leis an dlíodóir, tugtar dúshlán dúinn machnamh a dhéanamh ar an mbealach ina mairimid sa saol, ní hamháin i dtéarmaí an ndéanaimid an mhaith nó nach ndéanaimid, ach cé acu atá nó nach bhfuil déanamh na trócaire á ligean i bhfaillí.

### Machnamh

Iad,  
na daoine sin,  
daoine mar sin,  
tá a fhios agat...

Ach níl a fhios agat,  
sin an pointe,  
toisc nach bhfuil tú ag iarraidh a  
 bheith ar an eolas.  
Níl siad tábhachtach,  
an fhad a thuigeann siad fios  
 a mbéas.

Buíochas leat, a Dhia dhil,  
arb í do thrócaire idirghabhálach  
a bhain an teaspach dínn  
ar mhaithe le daoine eile.

## Paidir

A Dhia Naofa,
tháinig do Mhac Íosa Críost
inár measc
thaispeáin sé dúinn bealach
na hatrua.
Cabhraigh linn trí do Spiorad
leanúint dá shampla,
chun freastal ar riachtanais do
leanaí go léir,
agus finnéacht a dhéanamh le chéile
mar Chríostaithe do bhealaí do
ghrá agus do trócaire dá réir.
Guímid in ainm Íosa. Amen.

## Ceisteanna

**Pearsanta:** Conas is féidir 'trócaire a dhéanamh' sa lá atá inniu ann?

**Áitiúil:** Cad iad na teorainneacha agus ballaí na deighilte is gá a shárú in bhur gceantar féin?

**Domhanda:** Conas mar ba chóir don Eaglais bronntanas na trócaire a roinnt leis an domhan?

## Téigh agus Déan

(www.ctbi.org.uk/goanddo)

**Pearsanta:** Foghlaim roinnt frásaí bunúsacha i dteanga grúpa daoine nua in bhur gceantar, agus úsáid iad.

**Áitiúil:** Smaoinigh ar bhealaí inar féidir le d'eaglais nó grúpa eaglaisí rud a fháil ó na daoine a gcabhraíonn siad leo.

**Domhanda:** Faigh amach na bealaí inar trócaireach iad Críostaithe, Eaglaisí agus daoine as creidimh eile ina leith siúd is lú óna mbeifí ag súil leis.

# Lá 8

**Dúirt Íosa leis: "Imigh leat, agus déan féin mar an gcéanna". (Lúc 10:37)**

## A Thiarna, gura chomhartha ar do Ríocht ár dtrócaire.

## Pasáistí breise scrioptúir

Rómhánaigh 12:9-13

Salm 41:1-2

## Tráchtaireacht

Trí na focail seo — "Imigh leat, agus déan féin mar an gcéanna" — tugann Íosa ar gach duine againn, agus ar ár n-eaglaisí, a ordú grá a mhaireachtáil. Faighimid spreagadh ón Spiorad Naoimh, seoltar amach sinn chun bheith inár "gCríost eile", lorgaímid an daonnacht a fhulaingíonn san atrua agus sa trócaire. Cosúil leis an Dea-Shamárach i leith an fhir ghortaithe, is féidir linn rogha a dhéanamh gan diúltú dóibh siúd atá difriúil, seachas cultúr gaireachta agus dea-thola a chruthú — deiseanna a lorg fáilteachas a chur ar fáil, chun a bheith fáiltiúil, agus chun bheith ag roinnt — inár dtasc coiteann an fhís atá ag Dia a thabhairt chun críche.

Nuair a smaoinímid ar an tábhacht atá le cuireadh Íosa "Imigh leat, agus déan féin mar an gcéanna" i gcomhthéacs ár saoil féin, ní mór dúinn gan radharc a chailliúint ar an ngá atá le hatrua agus le trócaire in áiteanna a bhféadfadh sé nach mbeimis sásta dul, nó nach bhfuil aon nasc díreach leo, amhail limistéir mar réigiún na Saiheile atá thíos leis an gcoimhlint idirphobail. Chun bheith mar chomharsana i ndáiríre, ní mór go leathnódh ár dtaithí níos faide ná an rud nach gcosnaíonn aon ní orainn, taithí ina gcuimsítear an domhan ar fad, agus muid ag iarraidh ceartas agus aontacht a bhaint amach d'aon ghnó, ag foghlaim conas is féidir le grá Chríost cuairt a thabhairt orainn trí fháiltiú roimh dhaoine eile.

Trí iarracht a dhéanamh le chéile chun aontacht thrócaireach a bhaint amach, cabhraítear le caidrimh a atógáil, ionas gur féidir leis an bhforéigean imeacht agus an dlúthpháirtíocht agus an tsíocháin dul ina áit. De réir mar a mhéadaíonn ar an iontaoibh agus ar an muinín, bímid níos sásta ár gcréachtaí a thaispeáint, lena n-áirítear créachtaí eaglaiseacha, le súil gur féidir le grá Chríost cuairt a thabhairt agus a leigheas a dhéanamh dúinn trí ghrá agus cúram dá chéile.

## Machnamh

Tar éis don mhíbheannas dul i léig,
bhí socracht phianmhar ann.
Tréimhsí tuisceana gan faic eile
    idir eatarthu.
Gan anáil
sa salachar
Guím.

Selah

Lámh ar mo chorp,
lámh éagsúil le roimhe seo.
Is é rún na teagmhála — í aireach ar an
    bpian atá fós ionam —
friotháil a dhéanamh,
gan dochar a dhéanamh.

Selah

Boladh an fhíona a doirteadh
    chun suaimhnis,
tainnin shearbhmhilis i mo bhéal.

Mothú na hola ag rith síos
mo chraiceann,
is iad créachtaí an choirp áit cruinnithe
na péine, na síochána,
íocshláinte na cuimhne, an choirp agus
na hanama.

Selah

Figiúirí doiléire ag crochadh thart orm
agus mé ar shiúlóid,
iad gan meáchan sa timpeallacht
anaithnid
ach tá teagmháil na hatrua le haithint.
Dordán lag i dteangacha
neamhchoitianta,
iad ag geallúint cúraim.
An uair seo, agus mé ag oscailt
mo shúile,
tar éis nach bhfaca mé riamh tú,
aithním do thrócaire.

## Paidir

A Dhia mós máithriúil,
sealbhaíonn tú an domhan i bhfáisceadh
grámhar,
go dtugaimid aire dá chéile mar a thugann
tú féin, do gach aon anam.

A Spioraid Naoimh,
A bhronntóir na beatha, oscail sinn
dá chéile,
agus neartaigh naisc na comaoineach atá
eadrainn, fág go bhfásfaimid le cion
dá chéile.

A Phrionsa na Síochána,
tabhair dúinn an rún chun an Soiscéal a
mhaireachtáil go dílis
le go bhféadfaimis a bheith inár bhfáilteoirí
agus inár réititheoirí go radacach.

## Ceisteanna

**Pearsanta:** Cad is éifeacht do ghlaoch Chríost ar bhur do chaidrimh le baill eaglaisí eile?

**Áitiúil:** Cad é a aithníonn daoine i spiorad an mhéid a dhéanaimid (le chéile) mar an Eaglais a bhfuil brí léi?

**Domhanda:** Cén chuma a bheadh ar aontacht thrócaireach ar an scála domhanda?

## Téigh agus Déan

(www.ctbi.org.uk/goanddo)

**Pearsanta:** Machnaigh ar an taithí atá agat ar 'chineálacha eile Críost' agus ar an rud ba Chríost ann do dhaoine eile, ansin roinn roinnt scéalta faoi seo le daoine eile, agus guigh ar son níos mó deiseanna.

**Áitiúil:** Cén áit ina bhfuil Dia ar obair cheana féin i do phobal? Déan amach léarscáil den áit a bhfuil cónaí ort agus béim á cur ar na háiteanna ina dtugann tú faoi deara rud éigin a bheith ag tarlú a d'fhéadfadh a bheith mar an fhís atá ag Dia do bhur bpobail. Foghlaim faoin mbealach a d'fhéadfá a bheith páirteach, imeacht leat agus a dhéanamh mar an gcéanna.

**Domhanda:** Ní chiallaíonn 'imeacht agus déanamh mar an gcéanna' go gcaithfimid dul chuig áiteanna ar nós réigiún na Saiheile chun tionchar a imirt. Faigh amach faoi bhealaí chun nascadh le heaglaisí agus le heagraíochtaí comhpháirtíochta i mBuircíne Fasó agus in áiteanna eile atá i bhfad i gcéin agus a fhéachann go gníomhach le nasc agus tuiscint níos doimhne a fháil ar chásanna/comhthéacs.

# An tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí 2024

ctbi.org.uk/weekofprayer
weekofprayer.org

Twitter: #wpcu2024
#wpcuwall

**Foilsitheoirí:**

**Churches Together in Britain and Ireland**

Interchurch House
35 Lower Marsh
London SE1 7RL
info@ctbi.org.uk,
Fón: 0203 794 2288

Uimh. Charthanachta cláraithe. 1113299.
cuideachta faoi theorainn ráthaíochta,
Uimh. Charthanachta cláraithe. 5661787

churches together
IN BRITAIN AND IRELAND©